EAGRÁN 34 EANÁIR 2015

# NUACHTLITIR CHILL CHOMÁIN

* Nuachtlitir Áitiúil

* A Community Newsletter

* Guth an phobail ar mhaithe leis an bpobal

* Published four times a year

* Provides a voice for the local community and an update on development issues

## San eagrán seo: In this issue

**Sonraí Teagmhála – Contact Details . . . . . . . . . 2**

**Súil Siar – Annual Review . . . . . . . . . . . . . . . . . 3-9**

**Scéalta Eile – Other News . . . . . . . . . . . . . . . . . 9-12**

Foilsithe ag Comhar Dún Chaocháin Teo (i gcomhar le fo-choiste Ghlór na nGael)

## Coiste Bainistíochta an Chomharchumainn / The Management Committee

| | |
|---|---|
| Cathaoirleach: | Séamus Ó Murchú |
| Rúnaí: | Seán Mac Aindriú |
| Cisteoir: | Máire Cáit Uí Mhurchú |
| Na baill eile: | Micheál Ó Seighin, Caitlín Uí Sheighin, Micheál Ó Murchú, Micheál de Búrca, Bríd Ní Sheighin agus Uinsíonn Mac Graith. |

## Ráiteas Misin / Mission Statement

Is comharchumann forbartha pobail é Comhar Dún Chaocháin Teo atá cláraithe le Clárlann na gCarachumann. Tá sé mar ráiteas misin aige oibriú go gníomhach ar shon forbairt theangeolaíocha/chultúrtha, bhonneagartha, oideachasúil agus shóisialta paróiste Chill Chomáin agus acmhainní nadúrtha agus daonna an cheantair a fhorbairt ar bhealach chomhtháite. Ag comhoibriú le Coiste Ghlór na nGael, grúpaí forbartha áitiúla agus eagraisí éagsúla stáit tá roinnt tograí curtha i gcrích go dáta.

*Comhar Dún Chaocháin Teo is a community development co-operative which is registered with the Registry of Friendly Societies. Its mission is to work in a proactive way to promote the linguistic/cultural, infrastructural, educational and social development of the parish of Cill Chomáin and to develop in an integrated way the material and human resources of the area. Working in conjunction with Coiste Ghlór na nGael, local development groups and various state agencies a number of projects have been undertaken to date.*

## Ionad Eolais / Information Office

Tá oifig na heagraíochta lonnaithe sa Seanscoil i gCeathrú Thaidhg áit a bhfuil na seirbhísí seo a leanas le fáil:-

Eolas agus comhairle do choistí pobail maidir le ról na n-eagras forbartha, conas tograí a fhorbairt agus a bhainistiú, foinsí maoinithe &rl.

Foirmeacha iarratais ar scéimeanna éagsúla mar shampla deiseanna traenála &rl.

Seirbhísí cóipéala, laminating agus facs

Seirbhísí eolais do chuairteoirí - léarscáileanna, bróisiúirí, leabhráin, dlúthdhioscanna, cártaí poist, leabharlann d'ábhar béaloideasa agus liteartha Gaeilge, taispeántas grianghraif &rl.

*The organisation's office is located in the Seanscoil, Ceathrú Thaidhg where the following services are available:-*

*Information and assistance to community groups in relation to the role of development agencies, developing and managing projects, sourcing funding etc.*

*Application forms on various schemes including training opportunities etc.*

*Photocopying, laminating and fax services.*

*Visitor information including maps, brochures, booklets, CD ROMs, postcards, a library of folklore and Irish language material, photographs etc.*

## Guth an Phobail / Have Your Say

Má tá spéis agat a bheith i do bhall ar an gcomharchumann agus ionchar níos mó a bheith agat ar chúrsaí forbartha na háite déan teagmháil le Treasa le haghaidh tuilleadh eolais. Má tá aon tuairimí agat ar ábhar an nuachtlitir seo nó moltaí le haghaidh an chéad eagrán eile ba bhreá linn cloisteáil uait.

*If you would like to become a member of the comharchumann and have a greater input into the overall development of the area please contact Treasa for further information. We welcome your comments on the items covered in this newsletter and/or any ideas you may have for the next issue.*

**Déan teagmháil le** **Treasa Ní Ghearraigh, Comhar Dún Chaocháin Teo,**
**An tSeanscoil, Ceathrú Thaidhg, Béal an Átha, Co. Mhaigh Eo**
**Guthán: 097 88082** **Ríomhphoist: dunchaochain1@eircom.net**

***Tá súil againn go raibh Nollaig deas agaibh agus athbhliain faoi sheán agus faoi mhaise. Ins an eagrán seo den Nuachtlitir caitheann muid súil siar ar na tionscnaimh a bhí idir láimhe ag Comhar Dún Chaocháin Teo i 2014. Ag dearcadh chun cinn táimid ag pleanáil don todchaí agus tá sé beartaithe plean forbartha cúig bliana do pharóiste Chill Chomáin don tréimhse 2015 – 2019 a fhoilsiú. Tugann an plean deis do chuile dhuine ionchur a bheith acu i bhforbairt an pharóiste agus fáiltíonn muid roimh bhur smaointí agus bhur dtuairimí.***

**We hope you had an enjoyable Christmas and wish you all a happy and healthy new year. In this issue of the Newsletter we glance back on the projects that were undertaken by Comhar Dún Chaocháin Teo in 2014. We also look forward as we plan for the future. This includes the publication of a five year development plan for the parish of Cill Chomáin for the period 2015 – 2019. The plan gives everyone an opportunity to have an input into the future development of the parish and we welcome your ideas and suggestions.**

**Is ar scáth a chéile a mhaireann na daoine.**

## Súil Siar / Annual Review

*Ag cruinniú cinnbhliana Chomhar Dún Chaocháin Teo sa Seanscoil ar an 26ú Samhain rinne an bainisteoir Treasa Ní Ghearraigh cur i láthair ar obair na bliana 2014.*

*Tá caomhnú agus cur chun cinn na Gaeilge ar cheann de na príomhspriocanna atá ag an gcomharchumann. Eagraítear cúrsaí Gaeilge agus seirbhísí aistriúcháin in Ionad Seirbhísí Teanga na Seanscoile i gCeathrú Thaidhg, áit a bhfuil acmhainní tacaíochta foghlama ar nós leabhair, téipeanna, fiseáin agus bogábhar ríomhaireachta le fáil. I gcomhar le hIonad na dTeangacha, Ollscoil na hÉireann, Má Nuad agus Údarás na Gaeltachta, eagraíodh cúrsaí Teastas Eorpach na Gaeilge ag leibhéil éagsúla d'fhoghlaimeoirí fásta. Eagraíodh imeachtaí éagsúla teanga-bhunaithe mar chuid de 'Seachtain na Gaeilge', i gcomhar le Conradh na Gaeilge, chomh maith.*




*Is comórtas náisiúnta é Glór na nGael a bhfuil sé mar phríomhaidhm aige teanga agus cultúr na Gaeilge a fhorbairt agus a chaomhnú. Mar aitheantas ar an obair a dhéanann sé sa réimse seo, bhain an coiste amach duais sa rannóg Duaiseanna Foilseacháin le haghaidh an leabhráin 'Treoir ar na Logainmneacha Gaeilge ar Shiúlóidí Cheathrú Thaidhg – A Guide to the Irish Placenames on the Ceathrú Thaidhg Walks'.*

*I measc na spriocghrúpaí a dhéanann an comharchumann freastal orthu tá páistí réamhscoile. Is seirbhísí réamhscoile trí Ghaeilge iad Naíonra Dhún Chaocháin, atá lonnaithe sa Seanscoil, agus Naíonra Ghleann na Muaidhe atá lonnaithe in ionad tacaíochta teaghlaigh ag Bun Altaí. Faigheann na tograí cúraim leanaí seo airgeadú ón gClár Infheistíochta Náisiúnta Cúraim Leanaí, atá faoi chúram na Roinne Sláinte agus Leanaí, agus atá maoinithe ag Rialtas na hÉireann faoin bPlean Forbartha Náisiúnta 2007-2013. Cuireann Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte, Coiste Cúraim Leanaí Chondae Mhaigh Eo agus Comhar Naíonraí na Gaeltachta Teo tacaíocht agus comhairle ar fáil.*



*I mí Iúil eagraíodh campaí samhraidh i gCeathrú Thaidhg agus i nGleann na Muaidhe i gcomhar le Coiste Campaí Samhraidh Iorrais, faoi Scéim na gCampaí Samhraidh d'Aos Óg na Gaeltachta. Is í an Ghaeilge an teanga feidhme sna campaí, a chuireann imeachtaí siamsaíochta, oideachaisiúil agus cultúrtha ar fáil do pháistí réamhscoile agus bunscoile an cheantair.*

*Bunaíodh Óige na Gaeltachta Teo i 2006 chun seirbhísí óige go hiomlán trí mheán na Gaeilge a chur ar fáil do ghrúpaí atá ag plé leis an óige ins na Gaeltachtaí. D'eagraigh Club Óige Cheathrú Thaidhg sraith imeachtaí i gColáiste Chomáin i rith na bliana agus eagraítear ranganna damhsa traidisiúnta agus ranganna ceoil sa Seanscoil chuile Aoine faoi stiúir Nessa Ní Chuimlín.*

*Leis na hathraithe atá tagtha ar chúrsaí eacnamaíochta agus ar shaol an phobail tá gá le scileanna nua a fhoghlaim nó barr feabhas a chur ar na scileanna atá ag daoine cheana féin sa gcaoi is go mbeidh deis níos fearr acu fostaíocht a aimsiú nó a ngnó féin a bhunú. Tá Oirthuaisceart Mhaigh Eo ag soláthar chláir oiliúna dar teidil 'Teoiric agus Cleachtais i bhForbairt Pobail' sa bparóiste. Is í aidhm an chláir ná daoine a bhfuil spéis acu i bhforbairt an pharóiste a spreagadh chun tuiscint níos fearr a fháil ar an bpróiseas forbartha agus cuidiú leo pleananna éifeachtacha a chur le chéile bunaithe ar acmhainní sóisialta, cultúrtha agus eacnamaíochta an cheantair.*



*Tá Siúlóidí Ceathrú Thaidhg (Lúb Chlann Lir, Lúb an Chlaí Dhuibh agus Lúb na Binne Buí) ag mealladh cuairteoirí isteach sa gceantar agus eagraíodh siúlóidí treoraithe i rith na bliana. Ag tosnú amach agus ag críochnú ó lárionad na Seanscoile, tá gach siúlóid treormharcáilte le dath difrúil ag brath ar a dianacht. Déanann clár eolais agus bróisiúr dá-theangach ildaite cur síos ar sonraí na mbealaí agus ar phointí suimiúla. I mí Márta dhírigh an clár teilifíse RTE1 'Tracks and Trails' ar na siúlóidí faoi threoir Kathriona Devereux agus Declan Cunningham.*

*Is feachtas féin-chabhrach Na Comhluadair Bheo a bhfuil sé mar aidhm aige próifil an cheantair mar tháirge nó mar cheann scríbe turasóireachta a ardú. Tá suíomh cuimsitheach idirlíne ina ghné thabhachtach den bhfeachtas margaíochta atá le feiceáil ag [www.gaeltacht.info](http://www.gaeltacht.info) áit a bhfuil rogha pacáistí saoire le fáil le freastal ar ghrúpaí éagsúla.*

*Roghnaíodh Iorras mar oll-bhuaiteoir i gcomórtas an Irish Times 'The Best Place to Go Wild in Ireland'. Chas iriseoir agus taighdeoir an Irish Times Rosita Boland agus an moltóir Arminta Wallace le daoine a bhfuil baint acu le gné na turasóireachta sa mbarúntacht, ina measc Uinsíonn Mac Graith a thug turas treoraithe dóibh ar chuid de shiúlóid Chlann Lir agus Siúlóid na Binne Buí.*

*Sníonn Slí Fhiáin an Atlantaigh, an chéad slí tiomána fad-bhealaí in Éirinn, a bealach tríd an paróiste. Go háitiúil, leanann an tiomanaí na comharthaí chomh fada leis Na Príosúin i gCill Ghallagáin, an pointe is gaire don Bhinn Bhuí, an cnoc is airde sa gceantar. Tar éis siúlóide ghiortach tá radharc le fáil ar chinntíre, stácaí agus uaimheanna atá réabtha ag cumhacht na farraige. Leanann an tslí an cósta thart ar Ghleann na nGad, áit a bhfuil radharcanna maorga le fáil ar Chuan an Inbhir.*

*Sean-chosán atá sa Táin Bó Fhliodhaise, a ritheann ó Rath Chruacháin i gCondae Ros Comáin isteach go hIorras. Cuireadh grúpa oibre ar bun chun féidearthachtaí forbartha an Táin mar tháirge teangeolaíoch, cultúrtha agus turasóireachta a phlé.*



*I rith Seachtain Oidhreachta Náisiúnta d'eagraigh Comhar Dún Chaocháin Teo trí imeacht rathúil - siúlóid treoraithe le Uinsíonn Mac Graith ar chuid de Lúb na Binne Buí ag díriú ar logainmneacha áitiúla agus ar phointí suimiúla ar an mbealach; cur i láthair ar fhiadhúlra agus ar ghnáthóga sainiúla an cheantair le Séamus Ó Mongáin; caint ar an ruaig chreiche eallaigh An Táin Bó Fhliodhaise le Jim Henry agus Diana Taylor. Ba mhaith leis an gcoiste buíochas ó chroí a ghlacadh le chuile dhuine a d'freastal ar na himeachtaí agus le hOifig Oidhreachta Chomhairle Chondae Mhaigh Eo a rinne páirt-mhaoiniú ar an gclár.*

*I Meán Fómhair eagraíodh Oíche Chultúir Náisiúnta faoi choimirce Taisce Chultúir an Bharra Teampaill, i gcomhpháirt leis an Roinn Ealaíon, Oidhreachta agus Gaeltachta, Comhairle Chondae Mhaigh Eo agus eagraíochtaí cultúrtha ar fud na tíre. Ghlac trí ionad is fiche ar fud Mhaigh Eo páirt san imeacht, Comhar Dún Chaocháin Teo ina measc. Eagraíodh oíche airneáin le ceol agus seanchas sa Seanscoil i gcomhluadar Vincent Mc Grath, Micheal Ó Seighin agus ceoltóirí eile. Ba mhaith leis an gcomharchumann buíochas a ghlacadh le Ann Marie Mc Ging, oifigeach cúnta ealaíne le Comhairle Chondae Mhaigh Eo, as ucht a comhairle agus a tacaíocht.*




*Ar an 22ú Aibreán 1954 d'fhág seacht gclann baile Cheathrú na gCloch mar pháirt de scéim ath-dháiliú talaimh a bhí eagraithe ag Coimisiún na Talún. Shocraigh sé chlann síos i gCarraigín (in aice le Bealach Chonglais), agus clann amháin i Hodgestown, i gCondae Chill Dara. Ag deireadh mí Aibreáin d'fhill a sleachta ar Mhaigh Eo le haghaidh comóradh trí scór bliain ón am a d'fhág siad. Rinne Uinsíonn Mac Graith cur i láthair sa Seanscoil dóibh ar logainmneacha Dhún Chaocháin agus ar stair áitiúil agus ina dhiaidh bhí deis acu cuairt a thabhairt ar Theampall Chill Ghallagáin. Ag aifreann tráthnóna i dTeach a' Phobail, Ceathrú Thaidhg, a bhí léite ag an Athair Ó hÓgáin, tugadh chun cuimhne a muintir, atá anois imithe ar shlí na fírinne. Ina dhiaidh bhí soláistí agus ceol i dTeach Chonghóile áit a raibh deis ag daoine teacht le chéile le haghaidh chomhrá agus seanchas.*



*Tá plean oibre timpeallachta an chomharchumainn dá chur i bhfeidhm faoi Scéim Shóisialta Tuaithe Chill Chomáin, atá dá reachtáil ag Cumann Lúthchleas Gael Chill Chomáin faoi scáth Údarás na Gaeltachta. I measc na hoibreacha a cuireadh i gcrích i 2014 bailíodh bruscair ar thránna agus ag na teampaill áitiúla mar chuid de bhfeachtais Glantachán Earraigh An Taisce agus Beartas in Aghaidh Bruscair Chomhairle Chondae Mhaigh Eo, rinneadh draenáil agus athchóiriú ar bhóithre, rinneadh obair chothabhála ar shiúlóidí Ceathrú Thaidhg, tógadh ballaí cloch, rinneadh oibreacha feabhsúcháin ag Teach a' Phobail Ceathrú Thaidhg agus oibreachta ginearálta athnuachana.*

*Nuair a d'fhógair an tAire Comhshaoil, Pobal agus Rialtas Áitiúil gradaim an Chósta Ghlais 2014 ainmníodh trá Phort a' Chlóidh i measc na dtránna a bhain an gradam náisiúnta timpeallachta seo amach. Tá an gradam bunaithe ar thimpeallacht neamhmhillteach, caighdeán ard uisce a chomhlíonann treoracha an Aontas Eorpach, agus áilleacht nádúrtha. Chomh maith le sin bhain an trá amach an gradam 'Cósta Cruthúil' atá mar pháirt den bhfeachtas Pobail Níos Glaine atá dá reachtáil ag Comhairle Chondae Mhaigh Eo.*

*Tá plean forbartha cúig bliana do pharóiste Chill Chomáin don tréimhse 2015-2019 dá ullmhú faoi láthair. Mar chuid den phróiséas chomhairleoireachta scaipeadh ceistneoirí sna siopaí, oifigí poist agus séipéil áitiúla le moltaí agus tuairimí an phobail a fháil. Ullmhófar agus cuirfear faoi bhráid an phobail dréachtphlean le haghaidh na moltaí deireannacha roimh a bhfoilseofar é.*

*Cuireann an comharchumann eolas / cuidiú ar fáil do choistí deonacha ar chonas tograí a fhorbairt agus a bhainistiú, foinsí maoinithe arl. Tá eolas agus foirmeacha iarratais le fáil ar scéimeanna éagsúla cosúil le deiseanna traenála agus forbairt fiontair, maraon le seirbhísí cóipéala, laminating agus facs. Foilsítear Nuachtlitir Chill Chomáin, nuachtlitir ceathrú, a chuireann guth ar fáil don phobal agus a choinníonn an pobal ar an eolas ar chúrsaí reatha.*

At the Annual General Meeting of Comhar Dún Chaocháin Teo in the Seanscoil on 26th November the Manager Treasa Ní Ghearraigh gave a progress report for 2014.

The promotion and preservation of the Irish language is one of the main objectives of the comharchumann (co-op). Irish language courses and Irish translation services are organised in Ionad Seirbhísí Teanga na Seanscoile (Language Centre) in Ceathrú Thaidhg where a special-purpose training room houses a library of learning resource materials including books, tapes, videos and computer software.

In conjunction with The Language's Centre, University College Maynooth and Údarás na Gaeltachta, The European Certificate in Irish (Teastas Eorpach na Gaeilge) courses were held to cater for different levels of fluency. A programme of language-based activities was also organized as part of Seachtain na Gaeilge in association with Conradh na Gaeilge.

In recognition of its efforts in the promotion of the Irish language, the committee received an award in the national Glór na nGael competition for its publication 'Treoir ar na Logainmneacha Gaeilge ar Shiúlóidí Cheathrú Thaidhg – A Guide to the Irish Placenames on the Ceathrú Thaidhg Walks'.

Among the target groups catered for by the comharchumann are pre-school children. Naíonra Dhún Chaocháin in Ceathrú Thaidhg and Naíonra Ghleann na Muaidhe in Glenamoy are both community run, Irish language pre-school services which provide for the needs of children and their parents in these areas. These childcare projects currently receive funding from the Irish Government under the National Development Plan 2007 - 2013 through The National Childcare Investment Programme. The Health Services Executive, Mayo County Childcare Committee and Comhar Naíonraí na Gaeltachta Teo also provide assistance and advice.

In July Irish Summer Camps, which offer recreational, educational and cultural activities for local pre-school and primary school children, were organised in Ceathrú Thaidhg and Gleann na Muaidhe in conjunction with Coiste Campaí Samhraidh Iorrais, with the assistance of funding received from Scéim na gCampaí Samhraidh d'Aos Óg na Gaeltachta.

Óige na Gaeltachta Teo was set up in 2006 to provide youth services through the medium of Irish for groups in Gaeltacht areas. Various activities were organized by Club Óige Cheathrú Thaidhg in Coláiste Chomáin during the year and traditional Irish dancing classes and music lessons are held in the Seanscoil every Friday with Nessa Timlin.



Lifelong learning and the acquisition of new skills is an ongoing process. Mayo North East is delivering a training programme entitled 'Community Development Theory and Practices', the aim of which is to encourage those with an interest in the future development of the parish of Cill Chomáin to acquire a better understanding of the development process and enable them to present cogent development plans.

The Ceathrú Thaidhg loop walks (Lúb Chlann Lir, Lúb an Chlaí Dhuibh and Lúb na Binne Buí) continue to attract visitors to the area and guided walks were organised during the year. Starting and finishing at the Seanscoil community centre, each loop is waymarked and colour-coded according to its level of difficulty. A bi-lingual information board and brochure provide details on trail directions and points of interest en route. In March the walks featured on the RTE1 television series 'Tracks and Trails' in a programme presented by Kathriona Devereux and Declan Cunningham.

The Na Comhluadair Bheo project aims to raise the profile of the area as a tourism product or destination. To help achieve this, a website has been designed which can be viewed at www.gaeltacht.info where a choice of holiday packages is available to cater for visiting groups.

Erris was declared the outright winner in The Irish Times competition 'The Best Place to Go Wild in Ireland'. Irish Times feature writer and researcher Rosita Boland and adjudicator Arminta Wallace met separately with various individuals who are involved in tourism in the barony, including Uinsíonn Mac Graith who guided them on a section of

the Clann Lir and Binn Bhuí Head loop walks.  "A glorious, wild, uniformly unspoilt and stunning little known area", was Rosita's verdict.

The Wild Atlantic Way, Ireland's first long distance driving route, winds its way through the parish where the driver is guided to the clifftop at Na Príosúin in Cill Ghallagáin, the nearest point from which to access Binn Bhuí, the highest peak in the area.  The route also follows the coastline around Gleann na nGad offering spectacular views of Broadhaven Bay.

A working group comprising Micheál and Caitlín Ó Seighin, Treasa Ní Ghearraigh, Jim Henry and Diana Taylor has carried out preliminary research on the Táin Bó Fhliodhaise cattle raid into Erris with a view to highlighting its potential as a linguistic, cultural and tourism product in the context of the great Irish cattle raid sagas.

During National Heritage Week Comhar Dún Chaocháin Teo organized three events - a guided walk with Uinsíonn Mac Graith on a section of the Binn Bhuí Head Loop focusing on local placenames and points of interest en route; a slideshow presentation by Séamus Ó Mongáin on local flora and fauna; and a talk on aspects of the Táin Bó Fhliodhaise cattle raid by Jim Henry and Diana Taylor.  The committee gratefully acknowledges the support of all those who attended the events, and Mayo County Council Heritage Office for part-funding the programme.




In September The Temple Bar Cultural Trust, with support from The Department of Arts, Heritage and the Gaeltacht, and in association with Mayo County Council and cultural organisations throughout the country, organised a National Cultural Night.  Twenty three venues in County Mayo participated including Comhar Dún Chaocháin Teo which organized a night of music and seanchas in the Seanscoil in the company of Vincent Mc Grath, Micheál Ó Seighin and other musicians.  The committee would like to thank Ann Marie Mc Ging, Assistant Arts Officer with Mayo County Council, for her advice and support.

On 22nd April 1954 seven families left the townland of Ceathrú na gCloch as part of the Land Commission's Scheme of land re-distribution.  Six of the families settled in Carraigín (near Baltinglass) and one family settled in Hodgestown in County Kildare.  At the end of April their descendants undertook the return journey to Mayo to commemorate the sixtieth anniversary of their departure where they attended a talk on local placenames by Uinsíonn Mac Graith, a special mass in Teach a' Phobail, Ceathrú Thaidhg which was celebrated by Fr. Joe Hogan and a night of music in Teach Chonghóile.

The Cill Chomáin Rural Social Scheme is managed by Cumann Lúthchleas Gael Chill Chomáin under the auspices of Údarás na Gaeltachta and includes an environmental workplan submitted by Comhar Dún Chaocháin Teo.  Some of the works carried out over the past year include refuse collection at local beaches and graveyards as part of An Taisce's National Spring Clean and Mayo County Council's Litter League initiatives, drainage and repair of roads, maintenance of the Ceathrú Thaidhg loop walks, construction of stone walls, improvement works at Ceathrú Thaidhg church and general enhancement works.

When the Minister for the Environment, Community and Local Government announced the 2014 Green Coast Awards, Port a' Chlóidh beach was named as one of the recipients of this national environmental award. The award is based on a pristine environment, excellent water quality which complies with E.U. regulations, and natural beauty. The beach also received a Coast Boast award as part of Mayo County Council's Cleaner Community Campaign.

A five year development plan is currently being compiled for the parish of Cill Chomáin for the period 2015-2019. Questionnaires were distributed in local shops, post offices and churches inviting people to have an input by submitting their suggestions and ideas. A draft plan will now be prepared for public viewing, inviting final submissions before it is published.

Comhar Dún Chaocháin Teo's office provides information/assistance to voluntary groups in relation to developing and managing projects, sourcing funding etc. Information and application forms are available on various schemes including training opportunities and enterprise development, as well as photocopying, laminating and fax services. Nuachtlitir Chill Chomáin, a community newsletter, is published four times a year providing a voice for the local community and an update on development issues.

## Scéalta Eile / Other News

**Ranganna Gaeilge / Irish Language Classes**

*Ar mhaith leat Gaeilge a fhoghlaim ón tús nó dul chun cinn a dhéanamh leis an méid atá agat agus cailíocht aitheanta a bhaint amach i dTeastas Eorpach na Gaeilge? Tá Comhar Dún Chaocháin Teo, i gcomhar le hÚdarás na Gaeltachta, ag eagrú ranganna Gaeilge d'fhoghlaimeoirí fásta in Ionad Seirbhísí Teanga na Seanscoile i gCeathrú Thaidhg chuile oíche Dé Máirt, ag tosnú ag 7.00 i.n.*

Would you like to learn Irish or practice and improve on the amount you already have? Comhar Dún Chaocháin Teo, in conjunction with Údarás na Gaeltachta, is organizing accredited Irish language classes (Teastas Eorpach na Gaeilge) in the Seanscoil, Ceathrú Thaidhg on Tuesday nights starting at 7.00 p.m. Tá breis eolais le fáil ó Vincent ag 087 7557244 nó ó Threasa ag 097 88082 / 087 1251642.

**Teoiric agus Cleachtais i bhForbairt Pobail / Community Theory and Practices**

*Is é Oirthuaisceart Mhaigh Eo an Cuideachta Chomhpháirtíocht LEADER atá ag soláthar agus ag bainistiú réimse chláranna agus seirbhísí ina measc an Clár um Fhorbairt Áitiúil agus Pobail (CFÁP) i gceantar oir-thuaisceart Mhaigh Eo agus Iorras faoi láthair. Is í an phríomhaidhm atá aige ná dul i ngleic le heisiamh sóisialta agus an fhorbairt tuaithe agus phobail a chur chun cinn. Téann an comhlucht i gcomhairle leis na pobail chun aird a dhíriú ar ábhar áitiúil agus chun spriocanna forbartha inbhuaineacha a aimsiú dá gceantar.*

*Mar chuid dá straitéis tá an comhlucht ag eagrú chláir oiliúna dar teidil 'Teoiric agus Cleachtais i bhForbairt Pobail'. San áireamh i gclár an chúrsa tá Stair na Forbartha Pobail; Teoiric agus Cleachtais i bhForbairt Pobail; Pleanáil Cheantair-Bhunaithe; Ceannaireacht agus Scileanna i nGrúpaí; Anailís Shóisialta agus Taighde / Módhanna Meastóireachta. Reachtáilfear an chéad seisiún eile den chlár in* ***Ionad Pobail Ghleann na Muaidhe Dé Luain, 19ú Eanáir, ag 8.00 i.n.*** *Idir an dá linn is féidir le grúpaí pobail nó daoine aonaracha, ar mhaith leo tionscnaimh shainiúla a fhorbairt, dul i dteagmháil le Justin Sammon ag 094 9256745 / 087 2543795.*

Mayo North East is the LEADER Partnership Company covering the geographic area of North East Mayo and Erris. The Company manages a range of programmes and services including the Rural Development Programme and the Local Community Development Programme. Its main objective is to tackle social exclusion and promote rural and community development. The company actively engages with communities to promote local issues and identify sustainable development objectives for their area.

As part of its strategy the company is delivering a training programme entitled 'Community Development Theory and Practices'. The course content includes History of Community Development; Theory and practices of Community Development; Area Based Planning; Leadership and Group Skills; Social Analysis and Research/Evaluation techniques The next session of the programme will be held in **Glenamoy Community Centre on Monday, 19th January, at 8.00 p.m.** In the meantime, community groups and individuals who wish to develop specific projects can contact Justin Sammon on 094 9256745 / 087 2543795

**Scoláireachtaí Printíseachta / Training Apprenticeships**

*Tá Údarás na Gaeltachta ag tairiscint Scoláireachtaí Printíseachta gur fiú níos mó ná €2,000 an ceann iad d'iarrthóirí Gaeltachta le Gaeilge líofa le cáilíocht mar cheardaí a bhaint amach. Ní mór d'iarrthóirí a bheith sé bliana déag d'aois ar a laghad agus na bunchailíochtaí seo a leanas a bheith acu:*

***Teastas Grúpa/ Meanteastas/ Teastas Sóisearach, le pas i gcúig ábhar nó a chomhionann. Tá matamaitic riachtanach i gcás printíseachtaí áirithe;***
*nó*
***réamhchúrsa printíseachta atá aitheanta ag SOLAS;***
*nó*
***os cionn 18 bliain d'aois agus taithí aitheanta acu sa cheird le trí bliana.***

*Tuilleadh eolais agus foirm iarratais ar fáil ó http://www.udaras.ie/oiliuint-fostaiocht/tionscnaimh oiliuna/printiseachtai nó glaoigh ar 091 503139 / 091 503121. Ní mór foirm iarratais comhlánaithe a bheith ar ais roimh **2 Feabhra 2015.***

**Damhsa Traidisiúnta agus Ceol / Traditional Dancing and Music Classes**

*Eagraítear ranganna damhsa traidisiúnta agus ceol sa Seanscoil, i gCeathrú Thaidhg chuile Aoine. Déanann na ranganna freastal ar chuile aoisghrúpa idir páistí agus daoine fásta. Bíonn ranganna damhsa le haghaidh páistí ar siúl óna 5.00 i.n. go 7.30 i.n. ; ranganna ceoil óna 7.30 i.n. go 8.30 i.n. ; agus ranganna damhsa le haghaidh daoine fásta óna 8.30 i.n. go 9.30 i.n. Tá breis eolais le fáil ó Nessa ag 086 6686803.*

Traditional Irish Dancing and Music Classes are held in the Seanscoil, Ceathrú Thaidhg every Friday. All age groups and dance levels are catered for from children to adults. Dancing classes for children are organized from 5.00 p.m. to 7.30 p.m.; music lessons from 7.30 p.m. to 8.30 p.m. ; and dancing classes for adults from 8.30 p.m. to 9.30 p.m. For further information please contact Nessa on 086 6686803.

**Dráma na Nollag**

*Bhain chuile dhuine a bhí i láthair in Ionad Pobail Ghleann na Muaidhe ar an 12ú Nollaig an-sult agus taitneamh as Dráma na Nollag, a bhí curtha ar stáitse ag Grúpa Óige Ghleann na Muaidhe. Ar an 16ú Nollaig b'iad páistí ó Scoil Náisiúnta Cheathrú Thaidhg a bhí ag léiriú a scileanna drámaíochta, damhsa agus ceoil sa Seanscoil, agus an halla*

*lán go doras. Tá ard-mholadh tuillte ag na múinteoirí, cúntóirí, tuismitheoirí agus ag na páistí a chuir go leor oibre agus cleachtadh isteach.*

Everyone in attendance thoroughly enjoyed the Dráma na Nollag which was staged by Grúpa Óige Ghleann na Muaidhe in Gleann na Muaidhe community centre on 12th December. On the 16th December it was the turn of pupils from Ceathrú Thaidhg National School who gave a wonderful performance in drama, dancing and music in front of a full house in the Seanscoil. The teachers, assistants, parents and pupils deserve great credit for their efforts. Nar laga Dia a lámha.


**Daidí na Nollag Ar Chuairt sna Naíonraí**



Páistí réamhscoile atá ag freastal ar Naíonra Dhún Chaocháin i gCeathrú Thaidhg in éineacht le Daidí na Nollag agus na Stiúrthóirí Sorcha de Búrca agus Caitlín Uí Mhuineacháin tá (ó chlé) Morgan Ó Taidhg, Roan Ó Longáin, Faye Ní Mháille, Rebecca Nic Éil, Hannah Ní Fhionnlaigh agus Rachel Ní Mhaoldhomhnaigh (as láthair Tiegan Ní Mhurchú)



Bhí lúcháir ar na páistí atá ag freastal ar Naíonra Ghleann na Muaidhe nuair a thug Daidí na Nollag cuairt le bronntanais a bhronnadh orthu. Sa ghrianghraf tá Dylan Ó Dochartaigh Gallchóir, Cian Ó Baoill, Finn Ó Gallchóir, Roisín Ní Ghallchóir, Seán Ó Suilleabháin Eireamháin, Shay Ó Gallchóir, Layla Ní hÉalaí, Eva Nic Suibhne, Alfie Mac Guidhir agus Éabha Ní hÉalaí (as láthair Harry Ó Coinneacháin). Guíonn coistí agus foirne an Naíonraí athbhliain faoi sheán agus faoi mhaise ar chuile dhuine. (grianghraif: Uinsíonn Mac Graith)




**Taispeántas Grianghraif / Photographic Exhibition**

*Beidh taispeántas grianghraf dubh agus bán dar teideal 'Erris' ón ngrianghrafadóir clúiteach Amelia Stein RHA le feiceáil in nGailearaí an Royal Hibernian Academy, Ely Place i mBaile Átha Cliath ón 16ú Eanáir go 22ú Feabhra. Tá na daoine a chuir futhu in Iorras ag stracadh leis an timpeallacht leis na mílte bliain, agus is ar an idirmhalartú seo a dhíríonn na grianghraif den spéir agus den phortach. Is féidir tuilleadh eolais a fháil ar an suíomh idirlíne www.ameliastein.com*

An exhibition of black and white photographs entitled 'Erris' by renowned photographer Amelia Stein RHA will be held in the Royal Hibernian Academy, Ely Place in Dublin from 16th January until 22nd February. The wild landscape of Erris has challenged and shaped

its inhabitants for millennia, and it is this relationship that is explored in a selection of studies of sky and bog. Check out the website www.ameliastein.com for further information.

**Damáiste Stoirme / Storm Damage**

*I mí na Nollag rinne stoirm an-damáiste ar feadh chuid den chósta áitiúil. Buaileadh Trá Phort a' Chlóidh go dona nuair a rinneadh damáiste ollmhór ar an gcuid uachtarach den tráigh, áit ar réabadh na dumhacha chomh maith le bruach cosanta. Bhris tonnta stoirme thar an droichead in aice láimhe, ag fágáil poill ollmhóra ar an mbóthar tarra. Chuir an coiste achainí chuig Chomhairle Chondae Mhaigh Eo faoin ábhar agus tá sé ag fanacht ar freagra. Muna ndéantar na hiarrachtaí cuí chun dul i ngleic leis an gcreimeadh tá an baol ann go ndéanfaidh stoirmeacha agus taoidí arda eile níos mó damáiste isteach ón gcósta.*



A storm in December caused severe damage to sections of the local coastline. Port a' Chlóidh beach in particular was badly affected with extensive damage occurring along the upper limits of the beach, eroding dunes and breaching a defensive bank. Storm waves crashed over the nearby bridge, gouging out huge potholes in the tarmac-surfaced road. The committee has informed Mayo County Council of the situation and are awaiting its response. If the necessary measures to repair the existing erosion are not implemented there is a grave danger that future storms or high tides will cause further damage inland.

**Teachaín a' Watch Look Out Post**



*Ag an bpointe is fuide amach ag Barr na Rinne, os cionn Cuan Phort a' Chlóidh, bhí foirgneamh beag a dtugtaí Teachaín a' Watch air. Mar chéim chosanta thóg Seirbhís na nGardaí Cósta na tithe faire seo ar feadh an chósta chun súil a choinneáil ar na báid cogaidh i rith an Dara Cogadh Domhanda. Faraoir, leag stoirm an foirgneamh stairiúil seo go talamh. Tá sé beartaithe ag an gcoiste fiosrúcháin a dhéanamh leis na heagraíochtaí cuí le fáil amach ar féidir an foirgneamh a ath-thógáil agus a chaomhnú.*

Teachaín a' Watch, a former look out post located at Barr na Rinne overlooking Port a' Chlóidh Bay, was also the victim of a storm which decimated the building. These look-out posts were built around the coast during World War II for the Coastwatching Service by the Office of Public Works and are historic landmarks. The committee will be making enquiries with the relevant authorities to ascertain if the building can be re-erected and preserved.